RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2072 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meán Fómhair 2023

lena n-aisghairtear na dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 ('an Rialachán bunaidh') ([2]). Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an 27 Samhain 2013.

(2) An 15 Meán Fómhair 2016, thug Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Ghinearálta') na breithiúnais i gcásanna T-80/14 ([3]), T-111/14 go T-121/14 ([4]) agus T-139/14 ([5]) ('na breithiúnais') lenar cuireadh Airteagail 1 agus 2 den Rialachán bunaidh ar neamhní a mhéid a bhain siad leis na hiarratasóirí sna cásanna sin ('na táirgeoirí onnmhairiúcháin lena mbaineann') ([6]). Rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh achomharc i gcoinne na mbreithiúnas ar dtús ach tar éis chinneadh na Comhairle in 2018 a hachomhairc a tharraingt siar, rinneadh breithiúnais chinntitheacha cheangailteacha de na breithiúnais ó dháta a bhfógartha.

(3) An 26 Deireadh Fómhair 2016, ghlac Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí an tuarascáil ón bpainéal, arna modhnú ag an tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc ('Tuarascálacha ar an Airgintín'), i gcás an Aontais Eorpaigh — díospóid maidir le Bearta Frithdhumpála ar Bhithdhíosal ón Airgintín (DS473) ([7]). I measc nithe eile, suíodh sna tuarascálacha, an coigeartú costais a rinne an tAontas Eorpach nuair a d'fhorchuir sé dleachtanna frithdhumpála ar bhithdhíosal de thionscnamh na hAirgintíne, go raibh an coigeartú sin ar neamhréir le dlí EDT.

(4) An 18 Meán Fómhair 2017, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1578 ([8]) lena gcuirtear chun feidhme torthaí an Chomhlachta um Réiteach Díospóidí in DS473 agus lena leasaítear an Rialachán bunaidh a mhéid a bhaineann sé le hallmhairí ón Airgintín ('an Rialachán leasaitheach').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1194/2013 ón gComhairle an 19 Samhain 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise (IO L 315, 26.11.2013, lch. 2).

([3]) Cás T-80/14, PT Musim Mas v an Chomhairle.

([4]) Cás T-111/14 Unitec Bio SA v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-112/14 go T-116/14 agus T-119/14, Molinos Río de la Plata SA agus Eile v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-117/14, Cargill SACI v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-118/14, LDC Argentina SA v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-120/14, PT Ciliandra Perkasa v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-121/14, PT Pelita Agung Agrindustri v Comhairle an Aontais Eorpaigh.

([5]) Cás T-139/14, PT Wilmar Bioenergi Indonesia agus PT Wilmar Nabati Indonesia v Comhairle an Aontais Eorpaigh.

([6]) Táirgeoirí onnmhairiúcháin na hAirgintíne, Unitec Bio SA, Molinos Rio de la Plata SA, Oleaginosa Moreno Hermanos SACIFI y A, Vicentin SAIC, Aceitera General Deheza SA, Bunge Argentina SA, Cargill SACI, Louis Dreyfus Commodities S.A. (LDC Argentina SA), agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndinéise, PT Pelita Agung Agrindustri, PT Ciliandra Perkasa, PT Wilmar Bioenergi Indonesia, PT Wilmar Nabati Indonesia, PT Perindustrian dan Perdagangan Musim Semi Mas (PT Musim Mas).

([7]) EDT, Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, AB-2016-4, WT/DS473/AB/R, an 6 Deireadh Fómhair 2016, agus EDT, Tuarascáil ón bPainéal, WT/DS473/R, an 29 Márta 2016.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1578 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise (IO L 239, 19.9.2017, lch. 9).

(5) An 28 Feabhra 2018, ghlac an Comhlacht um Réiteach Díospóidí an tuarascáil ón bpainéal i gcás an Aontais Eorpaigh — an díospóid maidir le Bearta Frithdhumpála ar Bhithdhíosal ón hIndinéis (DS480) ('an Tuarascáil ar an Indinéis') ([9]). Níor chuir an Indinéis ná an tAontas i gcoinne na tuarascála a raibh a príomhthoradh cosúil leis an gceann in DS473, go háirithe an toradh go raibh an coigeartú costais a rinne an tAontas maidir le hallmhairí na hIndinéise ar neamhréir le dlí EDT.

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1570 ([10]), d'fhoirceann an Coimisiún na himeachtaí a bhaineann le hallmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise agus d'aisghair sé Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1570 thug an Coimisiún treoir do na húdaráis chustaim, na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a íocadh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 ar allmhairí bithdhíosail ón Airgintín agus ón Indinéis agus na dleachtanna sealadacha a bailíodh go cinntitheach i gcomhréir le hAirteagal 2 den Rialachán sin, go ndéanfar iad sin a aisíoc nó a loghadh a mhéid a bhain siad le hallmhairí bithdhíosail a dhíol táirgeoirí onnmhairiúcháin san Airgintín agus san Indinéis lena n-onnmhairiú chuig an Aontas, táirgeoirí ar éirigh leo agóid a dhéanamh i gcoinne an rialacháin bunaidh os comhair na Cúirte ([11]). Ar an taobh eile, chinn an Coimisiún gur bailíodh go dleathach faoi dhlí an Aontais na dleachtanna frithdhumpála a toibhíodh ar chuideachtaí eile, agus nár cheart iad a aisíoc ná a loghadh. Níor mhór an aisíocaíocht nó an loghadh a iarraidh ó na húdaráis chustaim náisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

(8) An 22 Meitheamh 2023, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais i gcás C-268/22, *Vitol v. Belgische Staat* ([12]), maidir le hiarraidh ar réamhrialú faoi Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') ón *Nederlandstalige rechtbank eerste aanleg Brussel*, go bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1578, neamhbhailí. Go háirithe, thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire nach mór na conclúidí iomchuí uile a bhaint as na cinntí a thug an Chúirt Ghinearálta agus an Coimisiún féin tar éis athoscailt, i mí na Bealtaine 2018, an imscrúdaithe frithdhumpála maidir le hallmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise ([13]).

(9) De réir Airteagal 266 CFAE, ceanglaítear ar institiúidí an Aontais na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnais na Cúirte a chomhlíonadh.

(10) Mheabhraigh an Coimisiún go ndearnadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013, arna leasú, a aisghairm ón 20 Deireadh Fómhair 2018 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1570. Mar sin féin, tá sé d'éifeacht ag an mbreithiúnas i gcás C-268/22 an Rialachán bunaidh, arna leasú in 2017, a dhéanamh neamhbhailí *erga omnes* agus *ex tunc*. Is é sin le rá, tá an rialú infheidhme maidir leis na páirtithe uile agus meastar go bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 ón gCoimisiún, arna leasú, neamhbhailí ón lá a tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis na páirtithe uile.

(11) Mheas an Coimisiún nach féidir na hearráidí a d'aimsigh an Chúirt a leigheas sa chaoi nach bhféadfaí na bearta a athfhorchur de bharr chur i bhfeidhm ceart na rialacha. Dá réir sin, déanfar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1578, a aisghairm ina iomláine le héifeacht ón 27 Samhain 2013. Thairis sin, aon dleacht chinntitheach a íocadh, agus aon dleacht shealadach a bailíodh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013, arna leasú, déanfar iad a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme. Dá bharr sin, go háirithe, ní fhéadfaidh aon oibreoir a d'íoc na dleachtanna sin aisíocaíocht orthu a éileamh, i bprionsabal, ach amháin mura ndeachaigh agus a mhéid nach ndeachaigh an tréimhse 3 bliana a leagtar síos chuige sin in Airteagal 121(1)(a) de Chód Custaim an Aontais in éag. An dearbhú a rinneadh go raibh Rialachán (AE) Uimh. 1194/2013 neamhbhailí (lena n-áirítear le héifeacht *erga omnes*), ní hionann é agus imthosca gan choinne nó *force majeure* sa chaoi go bhféadfaí síneadh a chur leis an tréimhse sin faoi Airteagal 121(1), an dara fomhír de Chód Custaim an Aontais.

([9]) EDT, Tuarascáil ón bPainéal, WT/DS480/R, an 25 Eanáir 2018.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1570 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhfoirceanntar na himeachtaí a bhaineann le hallmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013 (IO L 262, 19.10.2018, lch. 40).

([11]) Féach fonóta 6 thuas.

([12]) Breithiúnas an 22 Meitheamh 2023, VITOL, C-268/22, nár foilsíodh, ECLI:AE:C:2023:508.

([13]) *Ibidem*, mír 71.

(12) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Na dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh na hAirgintíne agus na hIndinéise arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1578, aisghairtear iad ón 27 Samhain 2013.

2. Aon dleacht frithdhumpála arna híoc de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1194/2013, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1578, déanfar í a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([14]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).